

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 32

Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 32, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, ar fhóirdheontais agus deontais áirithe a íoc agus ar dheontais áirithe a íoc faoi scéimeanna airgeadteoranta.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

- (a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- (b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2021, as leithreasaí neamhchaite 2020, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlítear farasbarr €156.674 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Aistriú Feidhmeanna

Tháinig athruithe ar struchtúr na Roinne in éifeacht an 1 Eanáir. Maidir leis sin, ghlac an Roinn freagracht as an tionscnamh Cothromaíocht um Ghnó Níos Fearr ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Aistríodh freisin, ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, freagracht as Scéim na nDearbhán Trádála ar Líne, a chuirtear ar fáil trí na hOifigí Fiontair Áitiúla.

Aistríodh roinnt d'fheidhmeanna na Roinne chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, lena n-áirítear

- freagrachtaí áirithe faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003
- freagrachtaí áirithe faoin Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993
- freagracht as an gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal agus
- freagracht maidir le ballraíocht d'eagraíochtaí idirnáisiúnta áirithe.

Tá an fhreagracht as feidhmeanna faoi réir scrúdú leanúnach i gcomhar leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus leis an Roinn Oideachais araon. Is féidir, mar thoradh air sin, go gcuirfear moltaí aistrithe breise faoi bhráid an Rialtais má mheastar é sin a bheith cuí. Níor moladh aon mholtaí aistrithe eile in 2021 ná go dtí seo in 2022.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta chun cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gclárcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

Dímheas

Déantar sócmhainní a dhímheas gach bliain ar bhonn líne dírí thar a saolré úsáideach measta, ag tosú le dímheas bliana iomláine a mhuirearú i mbliain an cheannaigh agus gan cuid ar bith a mhuirearú i mbliain na diúscartha.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialú inmheánach airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear na sócmhainní, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte párolla agus acmhainní daonna a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chumhdach.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm chomh maith le tuairisciú rialta bainistíochta, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn a bhfuil pearsanra atá oile go cuí inti, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam féin. Tá obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Comhlíonadh soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go leagtar béim chuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte cé is moite de thrí chonradh (os cionn €25,000), arbh fhiú €139,650 iad san iomlán (gan CBL a áireamh). Tá na mionsonraí leagtha amach thíos:

- Bhain conradh amháin dar luach €72,088 le soláthar fadaithe comhairle dlí maidir leis an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa a fuarthas ar dtús de réir nóta faisnéise na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR) maidir le 'Covid-19 (Coróinvíreas) agus Soláthar Poiblí'. I bhfianaise nádúr speisialaithe agus teicniúil na Scéime, níor measadh gur chuí soláthraí seirbhísí dlí na Scéime a athrú.
- Bhain an dara conradh dar luach €37,814 le soláthar stórála comhad ar thaifid de chuid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (CRO) lasmuigh den láithreán. Cé gur ceapadh soláthraí nua i mí an Mhárta 2020 tar éis comórtas soláthair, chuir srianta Covid-19 aistriú iomlán ábhar CRO siar go Deireadh Fómhair 2021. Lean an soláthraí a bhí ann roimhe sin ag soláthar seirbhísí go dtí go raibh aistriú na dtaifead curtha i gcrích.
- Bhain an tríú conradh dar luach €29,748 le cúrsaí idirghabhála ar líne a sholáthar don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC). Ceanglaítear ar oifigh chaidrimh thionsclaíoch idirghabháil réamhbhreithnithe a sholáthar faoin Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 agus, sa chomhthéacs sin, ceanglaíonn an WRC orthu freastal ar chúrsa oiliúna ábhartha. Ba é an soláthraí a roghnaíodh an t-aon chomhlacht a bhí in ann ag an am an oiliúint ábhartha a sholáthar ar líne; mar gheall ar shrianta Covid-19, níor rogha í oiliúint duine le duine.

Thug an Roinn mionsonraí faoi ocht gconradh neamhiomaíochas sa tuairisceán bliantúil i leith chiorclán 40 de 2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca chun feidhme lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Ar an gclár rioscaí, tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe a oibriú do bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhnímh gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus ar na daoine den lucht bainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2021 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Ós rud é go raibh paindéim Covid-19 ar siúl fós in 2021, leanadh le tionchar na paindéime a mheas ar fud aonaid ghnó na Roinne agus a hOifigí, lena n-áirítear tionchar na foirne ag obair ón mbaile ar feadh cuid mhaith den bhliain. Áiríodh leis sin measúnuithe rioscaí maidir le rialuithe airgeadais, rialuithe inmheánacha, rialuithe TFC, éifeachtacht na gcainéal cumarsáide, prótacail sláinte agus sábháilteachta, folláine foirne agus nascacht. Bhí na measúnuithe sin dírithe ar shláine thimpeallacht rialaithe na Roinne a chaomhnú agus a chinntiú gur lean an Roinn agus a hOifigí orthu ag soláthar seirbhís iomlán do chliaint.

An Dr Orlaigh Quinn

Oifigeach Cuntasaíochta

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

30 Márta 2022

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht agus tá comhlíonta agam na freagrachtaí eile atá orm ó thaobh eitice de de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Meán Fómhair 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinnim sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaitheint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh shuntasacha i rialú inmheánach a shainithnínm le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainithnínm aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht

Cuntas Leithreasa 2021

		2021		2020
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	Toradh €000
Caiteachas an chláir				
A	Forbairt post agus fiontar			
	<i>Bunaidh</i>	824,451		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	101,261		
	<i>Forlíontach</i>	(7,999)		
			917,713	722,576
				1,273,470
B	Nuálaíocht			
	<i>Bunaidh</i>	219,128		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	4,939		
	<i>Forlíontach</i>	8,000		
			232,067	218,741
				413,743
C	Rialáil		98,562	85,760
				77,465
Ollchaiteachas				
	<i>Bunaidh</i>	1,142,141		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	106,200		
	<i>Forlíontach</i>	1		
			1,248,342	1,027,077
				1,764,678
	<i>Lúide</i>			
D	Leithreasaí-i-gcabhair		53,982	69,051
				49,781
Glanchaiteachas				
	<i>Bunaidh</i>	1,088,159		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	106,200		
	<i>Forlíontach</i>	1		
			1,194,360	958,026
				1,714,897

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a sholáthraítear thar an nglansuim a chuirtear i bhfeidhm dlite le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar gach leithreasaí neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €79.66 milliún de leithdháiltí neamhchaite i leith na n-eilimintí caipitil d'Fho-mhírchinn A.5, A.7, A.9, agus B.4 ar aghaidh go 2022.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr	236,333,519	182,421,683
Géilleadh iarchurtha	(79,660,000)	(106,200,000)
Farasbarr le géilleadh	156,673,519	76,221,683

An Dr Orlaigh Quinn

Oifigeach Cuntasaíochta

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

30 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

	2021	2020
	€000	€000
Costas an chláir	987,847	1,727,733
Pá	30,723	28,838
Neamhphá	8,507	8,107
Ollchaiteachas	1,027,077	1,764,678
<i>Lúide</i>		
Leithreasaí-i-gcabhair	69,051	49,781
Glanchaiteachas	958,026	1,714,897
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
Ceannacháin airgid thirim	(142)	
Dímheas	1,723	
Caillteanas ar dhiúscairtí	44	1,625
		(153)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Méadú ar fhabhruithe deiridh	9,393	
Laghdú ar stoc	31	9,424
		(1,671)
Caiteachas díreach	969,075	1,713,073
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (airgead tirim) (nóta 1.1)	26,022	24,854
Measchíosanna (neamhairgid)	2,847	2,847
Glanhostas an chláir	997,944	1,740,774

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 32 a tabhaíodh in áit eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	61	63
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	21,550	20,029
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	3,622	4,082
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	120	113
Vóta 20	An Garda Síochána	162	208
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	147	—
An Príomh-Chiste – Pinsin na n-airí		360	359
		26,022	24,854

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	6,030	7,655
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		111,324	117,795
Stoic	2.2	213	244
Réamhíocaíochtaí	2.3	1,733	1,556
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	536	1,004
Ioncam fabhraithe		168	551
Iomlán na sócmhainní reatha		113,974	121,150
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe	2.5	1,269	939
Ioncam iarchurtha		11,183	2,326
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.6	5,216	5,169
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.7	106,644	113,630
Iomlán na ndlíteanas reatha		124,312	122,064
Glansócmhainní reatha/(glandlíteanais reatha)		(10,338)	(914)
Glansócmhainní		(4,308)	6,741
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.8	(4,308)	6,741

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh oifige agus TF €000	Troscán agus feistis €000	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt €000	Iomlán €000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	38,208	3,225	25	41,458
Breiseanna	10	—	132	142
A tugadh isteach chun úsáide sa bhliain	125	—	(125)	—
Diúscairtí	(33)	(4)	(25)	(62)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	38,310	3,221	7	41,538
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	30,986	2,817	—	33,803
Dímheas don bhliain	1,651	72	—	1,723
Dímheas ar dhiúscairtí	(18)	—	—	(18)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	32,619	2,889	—	35,508
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	5,691	332	7	6,030
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	7,222	408	25	7,655

2.2 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Stáiseanóireacht	128	162
Soláthairtí TF	55	69
Ábhair ghlantacháin	30	13
	213	244

2.3 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Seirbhísí agus tacaíocht TF	1,483	1,338
Riarachán	250	218
	1,733	1,556

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Réamhíocaíochtaí le OOP	25	112
Iarmhéideanna dochair ilghnéitheacha	483	818
Caiteachas in-fhorchúitithe:		
Taisteal	—	
Seirbhísí comhroinnte	28	
	28	74
	536	1,004

2.5 Speansais fhabhráithe

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Aisíocaíochtaí ceada fostaíochta atá dlite	694	—
Costais riaracháin	295	427
Forchúitimh idir-rialtasacha	132	21
Seirbhísí agus tacaíocht TF	76	155
Costais dlí	72	126
Scéim faoisimh dhaonnúil	—	210
	1,269	939

2.6 larmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	1,084	966
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	623	592
Cáin mhaoine áitiúil	6	7
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	149	90
Cáin bhreisluacha ar fháltais laistigh den Aontas Eorpach	115	52
Muirear sóisialach uilíoch	198	182
	<u>2,175</u>	<u>1,889</u>
Sciar de tháillí athnuachana paitinne is infoctha le hOifig Eorpach na bPaitinní	1,932	1,806
Íocaíochtaí foirne	463	687
Dliteanas pinsin fostóirí	(16)	125
Tuarastail in-fhorchúitithe	159	159
larmhéideanna ilghnéitheacha eile	503	503
	<u>5,216</u>	<u>5,169</u>

2.7 Glanmhaoiniú Státciste

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	156,674	76,222
Géilleadh iarchurtha	79,660	106,200
Deontas Státciste nár tarraingíodh	(129,690)	(68,792)
Glanmhaoiniú Státciste	<u>106,644</u>	<u>113,630</u>
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	111,324	117,795
larmhéideanna dochair eile	536	1,004
	<u>111,860</u>	<u>118,799</u>
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(2,175)	(1,889)
larmhéideanna creidmheasa eile	(3,041)	(3,280)
	<u>(5,216)</u>	<u>(5,169)</u>
	<u>106,644</u>	<u>113,630</u>

2.8 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta	2021	2020
		€000	€000
larmhéid ag an 1 Eanáir		6,741	4,917
Eisiocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	1,194,360	
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(79,660)	
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(156,674)	
Glanvóta		958,026	1,714,897
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1	26,022	24,854
Caiteachas neamhairgid – measchíos		2,847	2,847
Glanchostas an chláir	1	(997,944)	(1,740,774)
larmhéid ag an 31 Nollaig		(4,308)	6,741

2.9 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda ^a

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Earraí agus seirbhísí a sholáthar	177,338	185,523
Cláir deontas neamhchaipitil	3,965	10,854
Cláir deontas caipitil	1,258,845	2,115,494
lomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí	1,440,148	2,311,871

b) Cláir deontas neamhchaipitil

	2021	2020
	€000	€000
larmhéid tosaigh	10,854	1,550
Deontais a íocadh sa bhliain	(19,355)	(38,434)
Ceangaltais deontas nua	14,784	51,695
Deontais a cuireadh ar ceal	(2,318)	(3,957)
larmhéid deiridh	3,965	10,854

c) Cláir deontas caipitil

	2021	2020
	€000	€000
larmhéid tosaigh	2,115,494	1,819,969
Aistriú feidhmeanna ^b	(757,945)	—
Deontais a íocadh sa bhliain	(617,225)	(686,794)
Ceangaltais deontas nua	826,602	1,121,402
Deontais a cuireadh ar ceal	(308,081)	(139,083)
larmhéid deiridh	1,258,845	2,115,494

Nótaí

- ^a Áirítear leis seo ceangaltais a mhaoineofar ó ioncam acmhainní dílse a ghinfidh comhlachtaí Stáit faoi choimirce na Roinne.
- ^b Aistríodh roinnt feidhmeanna le héifeacht ón 1 Eanáir 2021 chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Áiríodh leis sin freagrachtaí as Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus as an gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal, baineadh na ceangaltais i ndáil leo atá ar áireamh san iarmhéid tosaigh in 2021.

d) Mórthionscadail chaipitil

Taispeántar thíos deontais chaipitil lena mbaineann caiteachas iomlán de €10 milliún nó níos mó.

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	Caiteachas in 2021	Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin	Caiteachas ionchasach iomlán thar shaolré an tionscadail 2021	Caiteachas ionchasach iomlán thar shaolré an tionscadail 2020 ^a
	€000	€000	€000	€000	€000
Ceangaltais Ghníomhaireachta					
GFT Éireann (A.5)	15,000	31,500	143,100	189,600	107,330
Fiontraíocht Éireann (A.7)	356,562	61,723	187,926	606,211	508,317
Fiontraíocht Éireann (B.4)	31,065	5,532	13,094	49,691	50,303
Ceangaltais na Roinne					
INTERREG (A.10)	10,814	3,665	6,521	21,000	21,000
Scéimeanna iasachta Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (A.14)	87,323	38,335	709	126,367	127,231
	500,764	140,755	351,350	992,869	814,181

Nóta ^a Ní áirítear leis seo tionscadail a cuireadh i gcrích faoi dheireadh 2020.

Difríochtaí suntasacha

Tugtar míniú thíos maidir le haon mhórchangaltas i gcás gur tháinig athrú níos mó ná €500,000 ar an gcaiteachas ionchasach iomlán i gcomparáid le 2020.

GFT Éireann (A.5)

Méadú ar an gcaiteachas ionchasach iomlán: €82 mhilliún

Baineann an t-ardú le seacht dtionscadal nua le meáncheangaltas €12 mhilliún do gach tionscadal.

Fiontraíocht Éireann (A.7)

Méadú ar an gcaiteachas ionchasach iomlán: €98 mhilliún

Baineann an t-ardú go príomha le €83 mhilliún do chúig thionscadal nua agus méadú €15 mhilliún ar cheangaltais thar dheich dtionscadal.

Fiontraíocht Éireann (B.4)

Laghdú ar an gcaiteachas ionchasach iomlán: €600,000

Baineann an laghdú le tionscadal amháin inar laghdaíodh an tsuim ceadaithe faoi €600,000.

Scéimeanna iasachta Chorporáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (A.14)

Laghdú ar an gcaiteachas ionchasach iomlán: €900,000

Tharla an laghdú de bharr deontas €600,000 faoin Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí agus deontas €300,000 faoi Scéim Chaipitil Oibre CBSÉ a bheith curtha ar ceal.

2.10 Dhliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nár urscaoileadh ag deireadh na bliana	46	215

2.11 Dlíteanais theagmhasacha

Scéimeanna ráthaíochta creidmheasa

Leis an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa (CGS) a tháinig i bhfeidhm in 2012 agus a ndearnadh athbhreithniú uirthi in 2017, cuirtear ráthaíocht stáit de 80% tríd an Roinn ar fáil d'iasachtóirí creidiúnaithe ar iasachtaí incháilithe nó bannaí feidhmíochta do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide inmharthana (FBManna).

Seoladh Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Covid-19 (CCGS) i mí Mheán Fómhair 2020 chun cabhrú le gnólachtaí a raibh tionchar diúltach ag paidéim Covid-19 orthu. Soláthraíonn an CCGS ráthaíocht stáit de 80% d'iasachtóirí creidiúnaithe ar shaoráidí iasachta suas le huas-suim €2 billiún. Forbraíodh an Scéim de réir Chreat Sealadach Cúnaimh Stáit an Choimisiúin Eorpaigh agus tá sí ar fáil do FBManna, cuideachtaí beaga meánchaipitlithe (fiontair nach FBM iad ach a bhfuil níos lú ná 500 fostaí acu) agus príomhtháirgeoirí a chomhlíonann na critéir incháilitheachta.

I gcás an CGS agus an CCGS araon, íocann an Stát (an 'ráthóir') an ráthaíocht leis an iasachtóir ar an bpríomh-iarmhéid neamh-aisghafa gan íoc ar shaoráid scéime i gcás go mainníonn iasachtaí ar aisíocaíochtaí na saoráide scéime.

An 31 Nollaig 2021, clúdaíodh leis an dá scéim €502.8 milliún san iomlán in iasachtaí gan íoc (2020: €113 mhilliún). B'ionann neamhchosaint uasta iomlán na Roinne maidir le hiasachtaí gan íoc an 31 Nollaig 2021 agus €395.86 milliún (2020: €80.067 milliún).

Ceanglaítear ar ghnólachtaí a bhaineann leas as an CGS nó as an CCGS préimh bheag a íoc leis an Roinn. Íoctar éilimh i gcoinne na ráthaíochta le hiasachtóirí rannpháirteacha ó fho-mhírcheann A.9. Íoctar ón bhfo-mhírcheann sin freisin íocaíochtaí le Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ) chun an scéim a oibriú.

Leagtar amach thíos achoimre ar fháltais agus ar íocaíochtaí a bhaineann leis an scéim seo.

	2021	2012-2021
	€000	€000
Fáltais i ndáil le préimheanna a íocann FBManna	1,348	4,062
Caiteachas na scéime:		
Riarachán na scéime	(1,794)	(5,118)
Éilimh a íocadh	(378)	(1,213)
Costas iomlán na scéime	(2,172)	(6,331)
Glanchoistas na scéime	(824)	(2,269)

Dlíteanais theagmhasacha eile

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh agus a d'fhéadfadh dlíteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Níltear cinnte faoi aon suim iarbhir ná faoi uainiú aon dlíteanas féideartha.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	32,345	30,723	28,838
ii	Taisteal agus cothú	500	153	338
iii	Foghlaim agus forbairt agus costais theagmhásacha	1,505	1,605	1,461
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	300	332	294
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	4,221	4,179	4,352
vi	Costais áitribh oifige	805	869	613
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	1,280	877	889
viii	Acmhainní fógraíochta agus faisnéise	360	492	160
		41,316	39,230	36,945

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas anseo thíos ar anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000). Rinneadh caiteachas riaracháin a chionroinnt ar fud na gclár, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €500,000; toradh €153,000

Mar thoradh ar thionchar phaindéim Covid-19 ar thaisteal infíre, AE agus idirnáisiúnta, rinneadh coigilt shuntasach ar chaiteachas réamh-mheasta taistil agus cothaithe.

vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe

Soláthar meastacháin €1.28 milliún; toradh €877,000

Níor leanadh ar aghaidh le roinnt tionscadail chomhairleoireachta a ceadaíodh le haghaidh maoinithe in 2021 mar a bhíodas ag súil leis mar gheall ar mhoilleanna/cealuithe/ athbheartú tosaíochtaí.

viii Acmhainní fógraíochta agus faisnéise

Soláthar meastacháin €360,000; toradh €492,000

Tharla an róchaitheamh €132,000 go príomha mar gheall ar roinnt feachtais chumarsáide a reáchtáladh i mí na Nollag 2020 nach bhfuarthas sonraisc chomhaontaithe dóibh le haghaidh íocaíochta go dtí 2021.

Clár A Forbairt Post agus Fiontar

		Soláthar meastacháin		2021	2020
		€000	€000	Toradh	Toradh
				€000	€000
A.1	Riarachán – pá		11,561	11,564	10,207
A.2	Riarachán – neamhphá		2,952	2,491	2,575
A.3	Pinsin leagáide na Gníomhaireachta		39,757	39,912	39,250
A.4	Idir-Thrádáil Éireann		11,036	11,025	12,724
A.5	GFT Éireann				
	<i>Soláthar meastacháin</i>	217,533			
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	17,400			
			234,933	201,333	198,177
A.6	NSAI – deontas le haghaidh speansais riaracháin agus ghinearálta		8,823	6,850	5,798
A.7	Fiontraíocht Éireann				
	<i>Bunaidh</i>	415,956			
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	40,000			
	<i>Forlíontach</i>	(8,549)			
			447,407	338,872	844,487
A.8	Forbairt fiontar áitiúil				
	<i>Soláthar meastacháin</i>	52,781			
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	15,000			
			67,781	58,119	79,475
A.9	Scéim shealadach ráthaíochta creidmheasa pháirtigh		25,500	2,172	975
A.10	Maoiniú meaitseála do INTERREG		5,800	3,665	4,080
A.11	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.		2,343	2,764	2,460
A.12	Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta		201	50	—
A.13	Costais dlí agus seirbhísí eile		130	21	13
A.14	Scéimeanna iasachta Chorpáraid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann				
	<i>Soláthar meastacháin</i>	30,075			
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	8,260			
			38,335	38,335	48,292
A.15	Scéim faoisimh dhaonnúil				
	<i>Bunaidh</i>	1			
	<i>Forlíontach</i>	550			
			551	403	167

A.16	Micrea-Airgeadas Éireann				
	<i>Soláthar meastacháin</i>	1			
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	15,001			
			15,002	5,000	24,790
A.17	An tIonad Náisiúnta Dearaidh				
	<i>Soláthar meastacháin</i>	1			
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	5,600			
			5,601	—	—
			917,713	722,576	1,273,470

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas anseo thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, b'ionann an caiteachas i ndáil le Clár A agus €203.136 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús (géilleadh iarchurtha san áireamh). Bhí tearc-chaitheamh de €458,000 ann a bhain le caiteachas riaracháin agus a míníodh cheana, agus tharla iarmhéid an athraithe, ar gannchaitheamh €202.678 milliún é, mar gheall ar an méid seo a leanas.

A.5 GFT Éireann

Soláthar meastacháin €234.933 milliún; toradh €201.333 milliún

Coigilteas €33.6.8 milliún ar chostas caipitil agus coigilteas €800,000 ar phá ba chúis leis an tearc-chaitheamh €33.6 milliún. Tharla an gannchaitheamh €32.8 milliún mar gheall ar choigilteas tógála €18.8 milliún, mar thoradh ar ghníomhaíochtaí tógála a bheith dúnta ag an Rialtas, agus mar gheall ar thearc-chaitheamh €14 mhilliún eile a d'eascair as moilleanna ama ar éilimh dheontais faoi Scéim Táirgí Covid-19. Is mar gheall ar mhoill ar fholúntais a líonadh is mó a bhí an tearc-chaitheamh seo pá de €800,000.

A.6 NSAI - deontas le haghaidh speansais riaracháin agus ghinearálta

Soláthar meastacháin €8.823 milliún; toradh €6.85 milliún

Tharla an tearc-chaitheamh €1.973 milliún go príomha mar gheall ar dheacrachtaí chun baill foirne bhreise a bhí ceadaithe don Údarás a earcú.

A.7 Fiontraíocht Éireann

Soláthar meastacháin €455.956 milliún; toradh €338.872 milliún

Coigilteas €117.084 milliún ar chaiteachas caipitil a bhí sa tearc-chaitheamh €117.419 milliún ar chaipiteal, a fritháiríodh le barrachas €335,000 i gcaiteachas reatha. Tharla an gannchaitheamh €117.419 milliún go príomha de bharr tarraingt anuas a bhí níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis ón gCiste um Fhiontraíocht a Chothú, an Ciste Téarnaimh Luathaithe agus an Scéim um Chúnaimh maidir le COVID-19 do Ghnólachtaí Beaga (SBASC).

De bharr nádúr na dtacaí sin, is féidir go mbeidh aga moille idir ceadú na n-iarratas agus na dtionscadal atá mar bhunús le hiarratais den sórt sin agus na tionscadail atá mar bhunús le hiarratais den sórt sin a bheith curtha i gcrích agus curtha isteach le haghaidh íocaíochta. Mar thoradh ar na hagaí moille sin, ní dhearnadh íocaíochtaí faoi roinnt de na tacaí/scéimeanna a tharraingt anuas mar a bhíodhas ag súil leis. Ina theannta sin, laghdaíodh an gá a bhí leis na tacaí sin toisc gur athosclaíodh an geilleagar ar bhealach níos tapúla ná mar a bhíodhas ag súil leis.

Bhí an róchaitheamh reatha €335,000 comhdhéanta de €2.335 milliún i ndáil le híocaíochtaí pinsin agus cnapshuime a fritháiríodh le coigilt €2 mhilliún a bhain le ciorrú suntasach ar thaisteal foirne mar gheall ar shrianta Covid-19.

A.8 Forbairt fiontar áitiúil

Soláthar meastacháin €67.781 milliún; toradh €58.119 milliún

Tharla an tearc-chaitheamh €9.662 milliún go príomha de bharr coigilteas €10.03 milliún ar chaiteachas caipitil a fritháiríodh le róchaitheamh €368,000 ar chaiteachas reatha.

Maidir le tearc-chaipiteal, gheall an Rialtas ina spreagthach i mí Iúil 2020 go méadófaí an tréimhse saor ó ús d'iasachtaí do mhicrifhiontair, lena n-áirítear iasachtaí a socraíodh chuig na hOifigí Fiontair Áitiúla (OFÁanna). Áiríodh leis an leithdháileadh caipitil do na OFÁanna foráil chun an ghné bhreise sé mhí saor ó ús d'iasachtaí den sórt sin a chlúdach. Bhí an barrachas níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis mar gheall ar an tarraingt anuas ar an tsaoráid lacáiste úis i leith roinnt tairiscintí iasachta micrifhiontair agus ba é sin an phríomhchúis leis an tearc-chaitheamh caipitil.

Go bunúsach, tharla an barrachas sin €368,000 i gcaiteachas reatha mar gheall ar mhaoiniú breise a bhí ag teastáil chun na 63 bhall foirne shealadacha OFÁ a choinneáil ar feadh 6 mhí chun cabhrú leis na OFÁanna freastal ar an éileamh méadaithe a tháinig ar a gcuid seirbhísí de dheasca na paindéime.

A.9 Scéim Shealadach Ráthaíochta Creidmheasa Pháirtigh*Soláthar meastacháin €25.5 milliún; toradh €2.172 milliún*

Is é cuspóir na scéime ná caiteachas a chlúdach i leith scéimeanna iasachta a chuirtear i bhfeidhm faoin Acht um Ráthaíocht Creidmheasa, 2012, arna leasú. Baineann caiteachas faoin bhfo-mhírcheann seo leo seo:

- éilimh a íoc le soláthraithe maoinithe faoin ráthaíocht Stáit i leith iasachtaí ar mainníodh iontu
- costais riaracháin arna dtabhú ag Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ) chun an scéim a fheidhmiú agus costais eile amhail comhairle dlí agus seirbhísí dlí.

Tá scéimeanna a oibríonn faoin Acht um Ráthaíocht Chreidmheasa, lena n-áirítear Scéim Ráthaíochta Chreidmheasa Covid-19, bunaithe ar dhliteanas teagmhasach. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil aon chostas ar an Stát ach amháin mura bhfuil fiontar rannpháirteach in ann an iasacht a íoc ar ais agus go n-éilíonn an soláthraí maoinithe an ráthaíocht don 80% den iarmhéid gan íoc.

Foráladh leis an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa maidir le Covid-19, a seoladh i Meán Fómhair 2020, go bhféadfadh iasachtaithe leas a bhaint as moratóirí íocaíochta i gcás gur thairg iasachtóirí iad. Ní mór iasachtaí a bheith gan íoc ar feadh níos mó ná 90 lá sula bhféadfaidh an t-iasachtóir an ráthaíocht a iarraidh. Ba de bhrí nach bhfuarthas na chéad éilimh ar an ráthaíocht go dtí go déanach in 2021 agus de bhrí go raibh líon i bhfad níos lú acu ann ná mar a bhíodhas ag súil leis a tharla an tearc-chaitheamh €23.328 milliún.

A.10 Maoiniú meaitseála do INTERREG*Soláthar meastacháin €5.8 milliún; toradh €3.665 milliún*

Tá sé deacair réamhaisnéis chruinn a dhéanamh ar chaiteachas faoin gClár INTERREG mar gur clár ilbhliantúil é atá scaipthe thar sheacht mbliana. Bhí tionchar suntasach ag paidéim Covid-19 ar chaiteachas in 2021, rud a chuir isteach ar ghníomhaíocht agus ar tharraingt anuas an mhaoinithe faoin gClár. Ina ainneoin sin, is ionann agus €21 mhilliún fós ceangaltas foriomlán ranníocaíochta RFTF thar na seacht mbliana den bhabhta reatha den Chlár.

A.11 Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.*Soláthar meastacháin €2.343 milliún; toradh €2.764 milliún*

Tháinig méadú ar tháille bhallraíochta na hÉireann leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO). Is é is cúis leis sin, go bunúsach, go ríomhtar an táille ar bhonn sciar na hÉireann de luach iomlán na trádála, atá tar éis méadú, mar aon le ráta céatadáin níos airde de ranníocaíocht bhallraíochta a bheith á chur i bhfeidhm in 2021.

A.12 Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta

Soláthar meastacháin €201,000; toradh €50,000

Baineann an gannchaitheamh €151,000 seo le costais a bhaineann le Comhchoimisiúin Eacnamaíochta (JEC). Mar gheall ar shrianta taistil Covid-19, níor gníomhaíodh roinnt tograí ó Ambasáidí na hÉireann, rud a d'fhág coigiltis i dtionscadail nach bhfuil ag dul chun cinn agus i gcúrsaí taistil. Ina theannta sin, ní raibh Éire in ann Comhchoimisiún Eacnamaíochta na hÉireann-na Rúise a óstáil in 2021.

A.13 Costais dlí agus seirbhísí eile

Soláthar meastacháin €130,000; toradh €21,000

Is bainistíocht stuama vótála é leibhéal éigin de chistiú teagmhasach a sholáthar ar eagla go dtagann aon chostais gan choinne chun cinn le linn na bliana. Mar a tharla, bhí leibhéal iarbhir an chaiteachais theagmhasaigh níos lú ná mar a measadh.

A.15 Scéim faoisimh dhaonnúil

Soláthar meastacháin €1,000; toradh €403,000

Cabhraíonn an scéim faoisimh dhaonnúil le gnólachtaí agus eintitis incháilithe eile a fhulaingíonn damáiste ó thuille agus nach féidir leo árachas tuile a fháil chun na costais a bhaineann lena n-áitreabh a thabhairt ar ais chuig a riocht réamhthuile. Tá an scéim á riar thar ceann na Roinne ag Crois Dhearg na hÉireann. Ós rud é go mbíonn tacaíocht faoin scéim ag brath ar an aimsir, is deacair réamhaisnéis chruinn a dhéanamh ar chaiteachas. Cuireadh soláthar iomlán €1,000 ar fáil sa mheastachán. Bhí dhá imeacht tuile ar leith ann i mí na Nollag 2021, rud a d'fhág gur sháraigh an caiteachas an meastachán bunaidh.

A.16 Micrea-Airgeadas Éireann (MFI)

Soláthar meastacháin €15.002 milliún; toradh €5 mhilliún

Soláthraíonn Micrea-Airgeadas Éireann (MFI) iasachtaí do mhicrifhiontair nach féidir leo iasachtaí a fháil ó sholáthraithe tráchtála. Chuir sé ceann de na chéad tacaí ar fáil do ghnólachtaí a raibh tionchar ag éifeachtaí Covid-19 orthu nuair a tugadh iasacht isealchostais Covid-19 uaidh isteach. In 2021, bhí a oiread iasachtaí ann agus a bhíodh sular tugadh isteach iasachtaí Covid-19.

Níor theastaigh tuilleadh tarraingt anuas ó MFI mar go bhfuil dóthain acmhainní airgeadais aige cheana féin. Níl drochleibhéil fiachais le feiceáil a bheag nó a mhór mar gheall ar iasachtaí a bheith athstruchtúraithe nó de bharr moratóirí aisíocaíochta.

I mí Mheán Fómhair 2021, rinne MFI comhaontú le CBSÉ chun maoiniú fiachais a sholáthar do MFI chun saoráidí iasachta a sholáthar. Tá €30 milliún geallta ag CBSÉ do MFI, rud a mhéadaíonn go mór acmhainneacht iasachtaithe MFI agus a chumas chun tacú le níos mó fiontar beag agus micrifhiontar. Chuir sé sin deireadh leis an ngá le tuilleadh maoinithe a bhaint as an Státchiste go ceann i bhfad.

A.17 An tIonad Náisiúnta Dearaidh

Soláthar meastacháin €5.601 milliún; toradh €nialas

Mar gheall ar an ngá le freagairt leantach do thionchar leanúnach Covid-19 agus ar an mbéim phráinneach ar thacaí gnó agus ar thacaí eile Covid-19, níorbh fhéidir dul ar aghaidh le tionscadal an Ionaid Náisiúnta Dearaidh in 2021 mar a bhí beartaithe. Is tionscadal infheistíochta tosaíochta é Ionad Náisiúnta Dearaidh a bhunú faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus tá an Roinn tiomanta don tionscadal seo a fhorbairt thar shaolré an Phlean.

Clár B Nuálaíocht

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá	7,389	7,375	7,806
B.2	Riarachán – neamhphá	2,402	2,428	2,207
B.3	Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann	3,172	3,120	3,069
B.4	Clár Forbartha Eolaíochta agus Teicneolaíochta			
	<i>Soláthar meastacháin</i>	155,254		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	4,000		
		159,254	152,056	332,490
B.5	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.			
	<i>Bunaidh</i>	18,780		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	939		
	<i>Forlíontach</i>	8,000		
		27,719	27,717	24,370
B.6	Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta	1	1	—
B.7	Costais dlí agus seirbhísí eile	130	—	4
B.8	Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha	32,000	26,044	19,300
—	Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL)	—	—	24,497
		232,067	218,741	413,743

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €5.326 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús (géilleadh iarchurtha san áireamh). An méid seo a leanas ba chúis leis sin den chuid is mó.

B.4 Clár Forbartha Eolaíochta agus Teicneolaíochta

Soláthar meastacháin €159.254 milliún; toradh €152.056 milliún

Bhí an tearc-chaitheamh €7.198 milliún comhdhéanta de choigilteas €6.998 milliún ar chaipiteal agus de choigilteas €200,000 ar neamhphá. Is mar thoradh ar leibhéal níos ísle ná an leibhéal iarratas a rabhthas ag súil leis ar Scéim Táirgí Covid-19 is mó a bhí an tearc-chaitheamh caipitil €6.998 milliún, rud ab ionann agus coigilteas €4.998 milliún. Tháinig coigilteas breise chun cinn maidir le comhchistiú náisiúnta Mhoil Nuálaíocht Dhigiteach na hEorpa, a tharla go príomha mar gheall ar mhoilleanna ar leibhéal AE maidir leis na tairiscintí buacacha a roghnú.

B.5 Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta

Soláthar meastacháin: €19.719 milliún; toradh €27.717 milliún

Tháinig an barrachas €7.998 milliún chun cinn go príomha mar thoradh ar €8 milliún breise a íocadh le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA) nuair a sainaithníodh gur sháraigh an fáltas chuig cuideachtaí Éireannacha trí chlár ESA ranníocaíocht na hÉireann leis na clár sin, agus chun go bhféadfadh cuideachtaí Éireannacha leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí leanúnacha teicneolaíochta agus forbartha táirgí.

B.7 Costais dlí agus seirbhísí eile

Soláthar meastacháin €130,000; toradh €nialas

Is bainistíocht stuama vóta é leibhéal éigin de chistiú teagmhasach a sholáthar ar eagla go dtagann aon chostais gan choinne chun cinn le linn na bliana. Le linn 2021, ní raibh aon chaiteachas ann.

B.8 Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha

Soláthar meastacháin €32 mhilliún; toradh €26.044 milliún

Mar gheall ar nádúr casta an Chiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha, lena mbaineann 270 tionscadal i gcuibhreannas suas le 13 chomhpháirtí atá comhdhéanta de FBManna, de chomhlachtaí ilnáisiúnta agus d'Eagraíochtaí Déanta Taighde, ghlac plé conarthaí do roinnt tionscadal níos faide ná mar a bhíodhas ag súil leis. Dá bharr sin, níor cuireadh tús le roinnt tionscadal a ceadaíodh le haghaidh maoinithe faoi ghlaoch 3 in 2021. Ina theannta sin, mar thoradh ar thionchar Covid-19 i ngach réimse den rialtas agus den tsochaí, cuireadh moill ar dhul chun cinn roinnt tionscadal faoi ghlaonna 1 agus 2.

Clár C Rialáil

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
C.1	Riarachán – pá	13,395	11,784	10,825
C.2	Riarachán – neamhphá	3,617	3,588	3,325
C.3	An Clár um Chaidreamh san Áit Oibre	19,590	17,422	15,949
C.4	Deontais le haghaidh seirbhísí oideachais agus comhairleacha ceardchumann – airgeadteoranta	900	866	900
C.5	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta – deontas le haghaidh speansais riaracháin agus ghinearálta	24,755	22,422	18,122
C.6	Cónascadh ceardchumann	60	—	118
C.7	Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach	6,057	5,004	4,306
C.8	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	16,736	14,023	12,700
C.9	An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta	349	295	144
C.10	Tacaíocht do thomhaltóirí	70	67	70
C.11	An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Cláraitheoir na gCara-Chumann – deontas le haghaidh speansais riaracháin agus ghinearálta	7,964	6,677	7,427
C.12	Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann	1,950	1,410	1,220
C.13	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.	1,462	1,481	1,419
C.14	Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta	359	162	20
C.15	Costais dlí agus seirbhísí eile	808	325	346
C.16	An Coimisiún um Pá Íseal	490	234	574
		98,562	85,760	77,465

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le clár C €12.802 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí tearc-caiteachas €1.64 milliún ann, a bhain le caiteachas riaracháin agus a míníodh cheana féin, agus tharla iarmhéid an athraithe, ar tearc-chaitheamh de €11.162 milliún é, go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas.

C.3 An Clár um Chaidreamh san Áit Oibre

Soláthar meastacháin €19.59 milliún; toradh €17.422 milliún

Tharla an tearc-chaitheamh €2.168 milliún mar gheall ar roinnt tosca, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- tearc-chaitheamh ag an gCúirt Oibreachais mar gheall ar shaincheisteanna a bhaineann le Covid-19, laghdú mór ar chostais taistil agus chothaithe nuair nárbh fhéidir freastal ar éisteachtaí cúirte sna réigiúin, laghduithe ar chostais chíos seomraí, costais aistriúcháin agus ateangairí agus laghdú ar chaiteachas trí chéile.
- tearc-chaitheamh sa Bhinse Achomhairc Fostaíochta (EAT) de bhrí nach rabhtas in ann éisteachtaí a reáchtáil mar gheall ar shrianta Covid-19, rud a d'fhág nach raibh aon chostais taistil agus chothaithe ná aon chostais chíos seomraí ann.
- tearc-chaitheamh ar chaiteachas pá ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre mar gheall ar mhoilleanna ar roinnt folúntas a líonadh, agus tearc-chaitheamh i gcaiteachas neamhphá mar gheall ar shaincheisteanna a bhaineann le paindéim Covid-19, amhail leanúint de chigireachtaí deascbhunaithe le speansais taistil agus chothaithe atá laghdaithe go mór agus laghdú dá bharr sin ar chostais choimhdeacha.

C.5 An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta – deontas le haghaidh speansais riaracháin agus ghinearálta

Soláthar meastacháin: €24.755 milliún, toradh: €22.422 milliún

D'eascair an tearc-chaitheamh €2.333 milliún go príomha as coigilteas ar phá mar gheall ar mhoill ar fholúntais a líonadh de bharr timpeallacht earcaíochta dhúshlánach agus de bharr an mhargaidh saothair chasta do shainchigirí grád.

C.7 Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Soláthar meastacháin €6.057 milliún; toradh €5.004 milliún

Bhí an tearc-chaitheamh €1.053 milliún comhdhéanta de choigilteas €1.278 milliún ar phá a fritháiríodh go páirteach le róchaitheamh €225,000 ar neamhphá. D'eascair an tearc-chaitheamh pá €1.278 milliún as deacrachtaí a bhain le folúntais a tháinig chun cinn le linn na bliana a líonadh chomh maith le moilleanna ar bhaill foirne nua a earcú maidir le haistriú ODCE ina ghníomhaireacht neamhspleách. Bhí an tearc-chaitheamh neamhphá €225,000 mar thoradh ar chostais dlí a bheith níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leo, a bhíonn de réir a nádúir thar a bheith deacair a thuar nó a rialú ó thaobh uainithe de.

C.8 An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí

Soláthar meastacháin €16.736 milliún; toradh €14.023 milliún

Tharla an gannchaitheamh €2.713 milliún go príomha mar gheall ar choigilteas ar phá de bharr deacrachtaí a bhí ann folúntais a líonadh.

C.11 An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Cláraitheoir na gCara-Chumann

Soláthar meastacháin €7.964 milliún; toradh €6.677 milliún

As an tearc-chaitheamh foriomlán €1.287 milliún, baineadh amach €1.161 milliún mar choigilteas neamhphá agus baineadh amach €126,000 trí choigilteas pá.

Tháinig an coigilteas neamhphá chun cinn, go bunúsach, mar gheall ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe a chur ar fionraí in 2021 chomh maith le córas leictreonach nua a thabhairt isteach chun aighneachtaí a phróiseáil agus ríomhphost a chur in áit cóipeanna crua a bhí ann roimhe seo le haghaidh feachtais neamhchomhlíonta, agus bhí laghdúithe ann dá bharr sin ar chostais phriontála agus phostais.

C.12 Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann

Soláthar meastacháin €1.95 milliún; toradh €1.41 milliún

D'eascair an tearc-chaitheamh €540,000 den chuid is mó as moilleanna a bhain le roinnt baill foirne a earcú chuig an Údarás. Ag deireadh na bliana bhí 31 bhall foirne san iomlán fostaithe ag an Údarás as an líon foirne ceadaithe atá aige, arb é 43 bhall foirne é.

C.14 Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta

Soláthar meastacháin €359,000; toradh €162,000

Áiríodh sa tearc-chaitheamh €197,000:

- Tearc-chaitheamh €78,000 ar an tionscnamh Cothromaíocht le haghaidh Gnó Níos Fearr de bharr cinneadh go soláthrófaí seirbhísí preasa go hinmheánach agus de bharr moill a bhain le paidéim Covid-19 ar ócáid seolta na tuarascála ar Chothromaíocht le haghaidh Gnó Níos Fearr go dtí Nollaig 2021, rud a d'fhág nár tháinig na fógraí ábhartha chun bheith iníoctha go dtí 2022.
- tearc-chaitheamh €50,000 i gcaiteachas ar an nGrúpa Athbhreithnithe ar Dhlí na gCuideachtaí mar gheall ar na cruinnithe go léir a bheith á reáchtáil go cianda, agus sábháladh costais cruinnithe dá bharr.
- coigiltis ilghnéitheacha €69,000 i leith caiteachas a bheith níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis ag Comhchoistí Saothair, ag an nGrúpa um Rialáil Gnó, ag an nGrúpa Athbhreithnithe ar an Dlí Díolacháin, ag Tionscnamh um Thodhchaí na hOibre agus ag Fiosrúcháin um Dhlí Cuideachtaí.

C.15 Costais dlí agus seirbhísí eile

Soláthar meastacháin €808,000; toradh €325,000

Is bainistíocht stuama vóta é leibhéal éigin de chistiú teagmhasach a sholáthar ar eagla go dtagann aon chostais gan choinne chun cinn le linn na bliana. Mar a tharla sé, bhí leibhéal iarbhir an chaiteachais theagmhasaigh níos lú ná mar a measadh.

C.16 An Coimisiún um Pá Íseal

Soláthar meastacháin €490,000; toradh €234,000

Bhí an tearc-chaitheamh €256,000 comhdhéanta de choigilteas €193,000 ar phá agus €63,000 ar neamhphá. Tharla an tearc-chaitheamh pá €193,000 mar gheall ar an leithdháileadh pá d'fhoireann an Choimisiúin um Pá Íseal, a d'aistrigh isteach in RFTF le linn 2020, a bheith á chomhlíonadh ar dtús ó bhuiséad pá riaracháin na Roinne seachas ón bhfo-mhírcheann. Tharla an tearc-chaitheamh neamhphá €63,000 de thoradh éifeachtaí leanúnacha Covid-19 ar chruinnithe, comhairliúcháin, etc., a bheith á seoladh ag an gCoimisiún.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
Ceartha fostaíochta agus caidreamh tionsclaíoch				
1	Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialaigh	100	112	67
2	Táillí ceadra fostaíochta	10,000	22,375	11,662
3	Ceadúnais ghníomhaireachta fostaíochta	355	408	374
4	Fógraí pionós seasta WRC	22	—	3
5	Costais dámhachtana cúirte WRC	20	189	27
Árachas agus Dlí na gCuideachtaí				
6	An Oifig um Chlárú Cuideachtaí	16,200	16,268	12,882
7	Clárlaitheoir na gCara-Chumann	50	—	28
8	Úinéireacht thairbhiúil ar chuideachtaí agus ar chumainn tionscail agus choigiltis	50	148	32
Trádáil, iomaíochas agus ceartha margaidh				
9	Fáltais faoi Acht na dTrádmharcanna, 1963, agus faoi Acht na bPaitinní, 1964	9,000	10,272	9,842
10	Ceadúnais trádála ócáideacha	1	—	—
11	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí – Creidmheas Tomhaltóirí	501	587	433
12	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí – Costais Chúirte	1	38	—
13	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí – Fógraí Íocaíochta Seasta	6	3	3
14	Fógraí cumaisc	320	584	336
Eile				
15	ODCE dlíthiúil	50	—	—
16	Ilghnéitheach	100	422	581
17	Beartas fiontraíochta ^a	7,779	6,684	4,120
18	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí ^b	1,500	1,171	1,555
19	Aoisliúntas PIAB	1,168	1,224	1,152
20	Aoisliúntas HSA	200	626	98

		2021		2020
		Méasta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
21	An Scéim Shealadach Ráthaíochta lasachtaí	408	1,348	179
22	Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí	557	523	448
23	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise ar luach saothair seirbhíse poiblí	5,594	6,069	5,959
Iomlán		53,982	69,051	49,781

- Nótaí
- ^a Léirítear sa bheartas fiontar suimeanna a fuarthas ó ghníomhaireachtaí fiontar reatha agus iarghníomhaireachtaí maidir le ranníocaíochtaí pinsin foirne agus aisíocaíocht INTERREG-ERDF. Is iad na gníomhaireachtaí atá ann Idir-Thrádáil Éireann, GFT Éireann, FÉ, agus iarghníomhaireachtaí SFI agus SFADCo.
 - ^b Tá fáltais faoin líne seo mar pháirt-fhorchúiteamh ar an gcaiteachas faoi fho-mhírcheann C.8.

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Bhí leithreasaí-i-gcabhair foriomlána €15.069 milliún ná an meastachán. Tá mínithe ar dhifríochtaí leagtha amach thíos:

2 Táillí ceadá fostaíochta

Meastachán €10 milliún; réadaithe €22.375 milliún

Tharla an barrachas €12.375 milliún i bhfáltais de bharr méadú suntasach ar líon na gceadanna a eisíodh go príomha mar gheall ar mhaolú shrianta Covid-19 le linn na bliana agus, dá bharr sin, tháinig méadú ar bhrúnna sa mhargadh saothair agus ar a sheal chruthaigh sin méadú ar an éileamh ar cheadanna. Mar shampla, ceadaíodh 3,000 cead breise don earnáil próiseála feola agus don earnáil gairneoireachta nach rabhthas ag súil leo sa mheastachán.

5 Costais dámhachtana cúirte WRC

Meastachán €20,000; réadaithe €189,000

Tá sé deacair meastacháin chruinne a dhéanamh ar dhámhachtainí cúirte i bhfianaise na ndámhachtainí sin a bheith ina n-ábhair i ndeireadh na dála le cinneadh ag na cúirteanna.

Bhain an méadú rí-eisceachtúil ar ioncam do 2021 le dámhachtain stairiúil aonair ón mBinse Comhionannais de €163,000 a fuarthas le linn 2021.

8 Úinéireacht thairbhiúil ar chuideachtaí agus ar chumainn tionscail agus choigiltis

Meastachán €50,000; réadaithe €148,000

Bhí an meastachán bunaithe ar thaithí theoranta mar nach raibh in 2021 ach an dara bliain iomlán d'oibriú an Chláir Úinéireachta Tairbhiúla (RBO). Ó tugadh isteach an tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) (Leasú), 2021, i mí na Bealtaine 2021, cuirtear ceanglas ar institiúidí airgeadais agus ar sheirbhísí eile an RBO a iniúchadh mar chuid dá ndícheall cuí airgeadais. Chuir sé sin go mór le húsáid an RBO agus, mar thoradh air sin, tháinig méadú faoi cúig ar líon na dtuarascálacha comhlánaithe de chuid an RBO in 2021 i gcomparáid le 2020.

9 Fáltais faoi Acht na dTrádmharcanna, 1963, agus faoi Acht na bPaitinní, 1964

Meastachán €9 milliún; réadaithe €10.272 milliún

Tharla an barrachas €1.272 milliún go príomha mar gheall ar ioncam táillí ó athnuachan iarratais ar Phaitinn Eorpach a bheith níos mó ná mar a bhíodhas ag súil leis.

14 Fógraí cumaisc

Meastachán €320,000; réadaithe €584,000

Tharla an barrachas €264,000 mar thoradh ar an líon fógraí cumaisc a cuireadh faoi bhráid CCPC a bheith níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis.

16 Ilghnéitheach

Meastachán €100,000; réadaithe €422,000

Mar gheall ar nádúr na bhfáltais ilghnéitheach, is deacair iad a mheas go cruinn in aon bhliain amháin. Bhain cuid shuntasach de na fáltais (€305,000) le rannpháirtíocht Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann i roinnt gníomhaíochtaí agus cláir chomhair de chuid Oifig Eorpach na bPaitinní agus Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh.

17 Beartas fiontraíochta

Meastachán €7.779 milliún; réadaithe €6.684 milliún

D'eascair an t-easnamh €1.095 milliún go príomha as laghdú €1.6 milliún mar gheall ar aisíocaíochtaí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) a bheith níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis. Rinneadh fritháireamh ar bheagán de sin trí mhéadú €505,000 ar fháltais phinsin a tháinig go príomha as aisíocaíochtaí ó roinnt de ghníomhaireachtaí fiontraíochta na Roinne atá ann cheana agus dá cuid iarghníomhaireachtaí nach raibh réamh-mheasta sa tsuim a measadh don bhliain.

18 An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí

Meastachán €1.5 milliún; réadaithe €1.171 milliún

Tharla an t-easnamh €329,000 de bharr CCPC a bheith ag bogadh chuig samhail nua mhaoinithe in 2021, rud a chiallaíonn nach raibh réamhíocaíocht ag teastáil uathu ón Roinn.

20 Aoisliúntas HSA

Meastachán €200,000; réadaithe €626,000

Suas go dtí deireadh 2020, cheadaigh an Roinn, le comhaontú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta an costas a bhaineann le cnapshuim phinsin a íoc le pinsinéirí ó na ranníocaíochtaí aoisliúntais a baineadh d'fhostaithe. Tar éis athrú ar an mbeartas sin in 2021, déantar gach asbhaint aoisliúntais a íoc ina iomláine leis an Roinn anois agus bíonn íocaíochtaí cnapshuime le hÍoc as maoiniú deontais HSA. Is mar gheall ar an athrú beartais sin a tharla barrachas €426,000 d'fháltais aoisliúntais.

21 Scéim Shealadach Ráthaíochta Iasachtaí

Meastachán €408,000; réadaithe €1.348 milliún

Scéimeanna atá ag feidhmiú faoin Acht um Ráthaíocht Chreidmheasa, lena n-áirítear Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Covid-19, soláthraíonn siad ráthaíocht le tacaíocht stáit ar iasachtaí faoi na scéimeanna. Éilíonn iasachtaí a thógtar faoi na scéimeanna go n-íoctar préimh bheag.

Is scéim iasachta faoi thionchar éilimh í an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Covid-19 a seoladh i Meán Fómhair 2020 agus a forbraíodh de réir Chreat Sealadach an Choimisiúin Eorpaigh maidir le cúnamh Stáit. Éilíonn an creat go n-íoctar préimh ar iasachtaí a chuirtear ar fáil le ráthaíocht le tacaíocht Stáit. Tá préimheanna a fhaightear bunaithe ar líon na n-iasachtaí, méid na cuideachta agus téarma na n-iasachtaí. Bhí na préimheanna a fuarthas €940,000 níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis mar gheall ar an éileamh a bhí ar an scéim.

23 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise ar luach saothair seirbhíse poiblí

Meastachán €5.594 milliún; réadaithe €6.069 milliún

Baineann an tsuim bhreise €475,000 i bhfáltais atá bainteach le pinsean le méadú ar earcaíocht de chuid na Roinne i rith na bliana.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Oifigí Fiontair Áitiúla – reatha ^a	—	1
Oifigí Fiontair Áitiúla – caipiteal ^b	—	16
Fiontraíocht Éireann – ioncam breise acmhainní dílse ^c	102,937	10,789
Fiontraíocht Ireland – deontas Atosaithe neamhúsáidte a thabhairt ar ais ^d	9,138	2,795
Ilghnéitheach	—	6
A aistríodh chuig an Státchiste	(112,075)	(13,607)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	—	—

- Nótaí
- ^a Oifigí Fiontair Áitiúla – reatha: bhain sé seo le cistí neamhúsáidte i bhfo-mhírcheann A.8 ar phá agus neamhphá.
 - ^b Oifigí Fiontair Áitiúla – caipiteal: bhain sé seo le cistí neamhúsáidte i bhfo-mhírcheann A.8 ar chlár chaipitil ar leith.
 - ^c Fiontraíocht Éireann – ioncam breise acmhainní dílse: baineann sé seo le hioncam acmhainní dílse a ghineann Fiontraíocht Éireann de bhreis ar an tsuim a cheadaigh PER dá n-úsáid féin sa bhliain.
 - ^d Fiontraíocht Ireland – deontas Atosaithe neamhúsáidte a thabhairt ar ais: d'éiligh téarmaí na Scéime Atosaithe go dtabharfaí gach ciste neamhúsáidte ar ais don Státchiste. Is iad na húdaráis áitiúla i gcomhar le Fiontraíocht Éireann a rinne an Scéim a riar. Is ionann an tsuim €9.138 milliún agus deontais neamhúsáidte a thug údaráis áitiúla ar ais d'Fhiontraíocht Éireann, a thug airgead ar ais ar a seal don Roinn agus don Státchiste.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon foirne ag deireadh na bliana		
An Roinn agus na hOifigí:		
Roinn ^a	536	496
Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann	40	41
An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre	190	173
Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach	35	35
An Oifig um Chlárú Cuideachtaí	106	111
An Chúirt Oibreachais	32	33
	939	889
Gníomhaireachtaí ^b		
	1,761	1,752
	2,700	2,641

- Nótaí ^a Áirítear leis seo foireann Rúnaíocht an Choimisiúin um Pá Íseal.
- ^b Áirítear leis seo fostaithe de chuid an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, atá ina ghníomhaireacht stáit neamhthráchtála nach bhfaigheann maoiniú go díreach ón Státchiste, seachas ó sholáthar pinsin.

5.2 Pá – An Roinn, Oifigí agus Gníomhaireachtaí

	2021	2020
	€000	€000
Pá	172,965	172,050
Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	1,151	870
Liúntais eile	2,694	2,561
Ragobair	291	230
ÁSPC an Fhostóra	13,331	13,642
Pá iomlán	190,432	189,353

Tagraíonn na socruithe luach saothair don ghné phá d'Fho-mhírchinn A.1, A.4, A.5, A.6, A.7, B.1, B.3, B.4, C.1, C.3, C.5, C.7, C.8, C.11, C.12 agus C.16.

5.3 Roinn

	2021	2020
	€000	€000
Pá ^{a b}	49,040	46,553
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	715	622
Liúntais eile	1,167	1,129
Ragobair	182	133
ÁSPC an Fhostóra	3,809	3,431
Pá iomlán ^c	54,913	51,868

- Nótaí ^a Áirítear leis seo íocaíochtaí pinsin le 23 iarchomhalta den Chúirt Oibreachais, an tÚdarás Iomaíochta, an Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí (ar a dtugtar an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí anois).
- ^b Ní áirítear leis seo táillí a íoctar le sealbhóirí oifige nach fostaithe de chuid na Roinne iad, e.g., moltóirí
- ^c Áirítear leis an bpá iomlán pá riaracháin (A.1, B.1 agus C.1) agus na gnéithe pá d'Oifigí na Roinne (B.3, C.3, C.7, C.11 agus C.16). Tagraíonn an tsuim atá ar áireamh le haghaidh pá i Nóta 1 d'fho-mhírchinn riaracháin amháin.

5.4 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre – foireann na Roinne

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	95	13	46,053	46,078
Liúntais eile	90	10	237,683	230,089
Ragobair	99	2	16,027	8,415
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	25	6	38,683	47,379

Nóta ^a Athshonraíodh figiúirí do 2020.

5.5 Gníomhaireachtaí

Is iad na gníomhaireachtaí atá ar áireamh anseo an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Fiontraíocht Éireann, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an tÚdarás Forbartha Tionscail, an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, IdirThrádáil Éireann agus Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann.

Ní idirbheart airgeadais díreach de chuid na Roinne é caiteachas pá na ngníomhaireachtaí agus, dá bhrí sin, níl faisnéis mhionsonraithe pá agus liúntais ag an Roinn maidir le baill foirne ghníomhaireachta. Tá faisnéis mhionsonraithe maidir le líon agus pá na bhfostaithe i leith ghníomhaireachtaí na Roinne ar fáil ó na ráitis airgeadais bhliantúla/tuarascálacha bliantúla ábhartha nó go díreach ó na gníomhaireachtaí lena mbaineann.

	2021 €000	2020 €000
Pá	123,925	125,497
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	436	248
Liúntais eile	1,527	1,432
Ragobair	109	97
ÁSPC an Fhostóra	9,522	10,211
Pá iomlán	135,519	137,485

5.6 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre – baill foirne ghníomhaireachta

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	119	6	52,031	52,389
Liúntais eile	257	28	99,355	84,460 ^a
Ragobair	35	2	28,652	23,214
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	6	2	101,618	20,774 ^a

Nóta ^a Athshonraíodh figiúirí do 2020.

5.7 Socruithe eile luach saothair

Cuireadh carr cuideachta ar fáil do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Fhiontraíocht Éireann go dtí gur fhág sé i mBealtaine 2021. Níl carr cuideachta ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin nua.

Athfhostaíodh státseirbhíseach amháin a bhí ar scor agus pinsean státseirbhíse á fháil aige ar bhonn táillí ar chostas iomlán €25,160. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus forálacha eile), 2012.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €149,199 i leith ceathrar oifigeach a bhí ag feidhmiú lasmuigh den Roinn do 2021 agus ar íoc an Roinn a dtuarastal.

5.8 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, tá tuarastal reatha an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád Ard-Rúnaí Leibhéal II, agus an t-olltuarastal bliantúil cothrom le €203,167 (amhail an 31 Nollaig 2020, b'ionann é agus €201,154).

5.9 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2021 €	2020 €
Ró-íocaíochtaí	57	144,545	200,412
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	22	99,896	116,934

Aistríodh seacht bplean aisghabhála ró-íocaíochta i leith seisir dar luach €6,001 chuig cúig roinn eile sa bhliain.

5.10 Scaoilíocaíochtaí /íocaíochtaí iomarcaíochta

Ní dhearna an Roinn aon scaoilíocaíochtaí ná íocaíochtaí iomarcaíochta in 2021.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Maoiniú AE

Fuair an Roinn, agus na comhlachtaí seo a leanas atá faoi choimirce na Roinne, cabhair AE go díreach mar a thaispeántar thíos.

Fo-mhírcheann	Cur síos	2021	2020
		Toradh	Toradh
		€000	€000
A.4	IdirThrádáil Éireann	1,284	911
A.10	Maoiniú meaitseála do INTERREG	2,934	880
B.3	Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann	235	707
B.4	Fondúireacht Eolaíochta Éireann ^a	—	254
B.4	Fiontraíocht Éireann	2,436	1,014
C.5	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta	6	31
		6,895	3,797

Nóta ^a Aistríodh roinnt feidhmeanna le héifeacht ón 1 Eanáir 2021 chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde agus Eolaíochta. Áiríodh leo sin na freagrachtaí as Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

6.2 Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta

	Bliain an bhunaithe	2021 €000	2020 €000
Buan/oscailte			
Comhchoistí Saothair	1946	6	6
Comhchoimisiúin Eacnamaíochta ^a	2020	49	—
Grúpa Athbhreithnithe ar Dhlí na gCuideachtaí	2000	50	14
Grúpa Athbhreithnithe ar an Dlí Díolacháin	2009	—	1
Coiste Iniúcháireachta na Roinne	2004	3	2
Cothromaíocht le haghaidh Gnó Níos Fearr ^b	2021	105	—
		213	23

Nóta ^a Aistríodh an fhreagracht as Comhchoimisiúin Eacnamaíochta ón Roinn Gnóthaí Eachtracha in 2020.

^b Aistríodh an fhreagracht as Cothromaíocht le haghaidh Gnó Níos Fearr ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige in 2021.

6.3 Cúiteamh agus costais dlí**Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain**

	Éilimh ag		lomlán 2021	lomlán 2020
	fostaithe	daoine den phobal		
Líon na gcásanna	6	3	9	9
	€000	€000	€000	€000
Costais dlí na Roinne í féin	82	156	238	100
Íocaíochtaí a rinneadh leis an Roinn/ a rinneadh thar a ceann				
Cúiteamh	—	—	—	—
Costais dlí	—	23	23	24
Costais eile	—	—	—	69
Iomlán 2021	82	179	261	193
Iomlán 2020	100	93	193	

Costais charnacha na gcásanna a críochnaíodh in 2021

	Éilimh ag		Iomlán
	fostaithe	daoine den phobal	
Líon na gcásanna	—	1	1
	€000	€000	€000
Costais dlí na Roinne í féin	—	156	156
Íocaíochtaí a rinneadh leis an Roinn/ a rinneadh thar a ceann			
Cúiteamh	—	—	—
Costais dlí	—	—	—
Costais eile			
Iomlán	—	156	156

6.4 An tobhach fostaíochta agus oiliúna

Cuireadh deireadh leis an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna a socraíodh ag 1% d'ioncam iomlán duine aonair le roinnt eisceachtaí, le héifeacht ón 6 Aibreán 1999. Bíonn suimeanna a bhaineann le híocaíochtaí stairiúla an tobhaigh á bhfáil fós ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Bailíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna agus íoctar é go míosúil leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Íoctar an t-airgead ar a seal leis an Státchiste.

Ráiteas faoi íocaíochtaí a rinneadh de réir Alt 25(1) den Acht um Áiseanna Saothair, 1987.

	2021	2020
	€000	€000
A fuarthas ó na Coimisinéirí Ioncaim	26	33
A íocadh isteach sa Státchiste	27	32

6.5 Pionóis íocaíochta déanaí

	2021	2020
	€000	€000
Ús agus cúiteamh	9	27

6.6 Géilleadh iarchurtha

Cuimsíonn géilleadh iarchurtha coigilteas in 2021 de €79.66 milliún i gcaiteachas caipitil sna fo-mhírchinn seo a leanas, a tugadh anonn go dtí 2022.

	€000
Cur síos ar fho-mhírcheann:	
A.5 GFT Éireann	7,500
A.7 Fiontraíocht Éireann	41,000
A.9 Scéim shealadach ráthaíochta creidmheasa pháirtigh	30,000
B.4 Clár Forbartha Eolaíochta agus Teicneolaíochta	1,160
	79,660

Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne i gcás go bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, ag dáta sínithe an chuntais, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí agus an dáta a cuireadh i láthair iad don Oireachtas.

Comhlacht/Ciste Roinne	An tréimhse chuntasaíochta dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchta	An dáta a fuair an tAire/an Roinn í	An dáta a cuireadh i láthair don Oireachtas í
GFT Éireann	2020	18 Meitheamh 2021	21 Meitheamh 2021	12 Lúnasa 2021
An tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann	2020	8 M. Fómh. 2021	22 M. Fómh. 2021	12 D. Fómh. 2021
Fiontraíocht Éireann	2020	17 Meitheamh 2021	30 Meitheamh 2021	16 Iúil 2021
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta	2020	30 M. Fómh. 2021	8 D. Fómh. 2021	13 D. Fómh. 2021
An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	2020	28 Meitheamh 2021	5 Iúil 2021	28 Iúil 2021
An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta	2020	12 Aibreán 2021	25 Meitheamh 2021	30 Iúil 2021
Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann	2020	4 Meitheamh 2021	24 Meitheamh 2021	2 Iúil 2021
IdirThrádáil Ireland	2020	9 Lúnasa 2021	9 Samhain 2021	21 Márta 2022